

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS
EOLAÍOCHTA**

ARDTEISTIMÉIREACTH

SIOLLABAS LAIDIN

L Aidín

Cúrsa Gnáthleibhéil

- (a) Ceapadóireacht (i.e. abairtí)
- (b) Gramadach Floirmiúil (agus scanadh san áireamh – gan i gceist, áfach, ach an Leathrann Eiligiach agus an Heicsiméadar).
- (c) Téacsanna Dualgais:

Lívia: Leabhar XXI. (Caibidí 16-38 go hiomlán)
nó
Virgil: Aeneid IX, Línte 1-524.
- (d) Téacs Neamhdhualgasach:

Dhá shliocht as saothair na n-údar seo a leanas: - *
Cicearó (Orationes), Caesar, Lívia, Virgil (Aeneid), Óivid.
- (e) Stair (Ealaín agus Litríocht san áireamh):
An tréimhse ó bhás Caesar go bás Traian.

Beifear ag súil go mbeidh staidéar déanta ag na hiarrthóirí ar ealaín agus ar ailtireacht na Rómhánach sa tréimhse atá ainmnithe, faoi chennuidil mar: patrúnacht, snoíodóireacht phortráideach, múrmhaisithe, mosáicí, rilifeanna stairiúla (e.g. an Ara Pacis agus Colún Traian), an teach cónaithe Rómhánach, bóithre, áirsí, droichid, uiscriain, baisligh, aimfitéatair, foirgnimh phoiblí, teampaill.

Cuirfear ceisteanna, freisin, ar shaol, ar shaothar agus ar thábhacht liteartha na n-údar Laidne as an tréimhse staire atá ainmnithe (Caesar agus Cicearó san áireamh) agus, de bhreis air sin, Catullus.

Beidh ar na hiarrthóirí *trí cheist* a fhreagairt agus *ceist amháin* ar a laghad a thoghadh as ceachtar den dá Roinn – (i) Stair na Rómhánach (ii) Ealaín agus Litríocht na Rómhánach.

An Cúrsa Ardleibhéil

- (a) Ceapadóireacht (prós leanúnach).
- (b) Gramadach Fhoirmiúil (scanadh san áireamh – gan i gceist ach an Leathrann Eiligiach, an Heicsiméadar, an Safach agus an tAlcaech).
- (c) Téacsanna dualgais:

Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil.

(d) Téacs neamhdhualgasach:

Trí shliocht as saothar na n-údar seo a leanas:-

Cicearó (Orationes), Caesar, Livias, Virgil (Aenéid), Óivid, Sallast, Horáit (Óideanna), Catallus.

(e) Stair (Ealaín agus Litríocht san áireamh):

Mar atá sa Chúrsa Gnáthleibhéil.

* An liosta údar anseo is treoir é don réimse ábhair atá oiriúnach. Cuirfear ceithre shliocht ar an bpáipéar Gnáthleibhéil, dhá shliocht phróis agus dhá shliocht véarsaíochta.

Beidh ar iarrthóirí dhá shliocht as an gceithre shliocht a aistriú, sliocht amháin phróis agus sliocht amháin véarsaíochta.

Sa pháipéar Ardleibhéil beidh ar iarrthóirí trí shliocht a thoghadh as an gceithre shliocht a chuirfear.

Bhéarfear cúnaimh foclóireachta i gcás na sleachta neamhdhualgasacha uile a bheidh ar na páipéir scrúdúcháin.

Roinnt na Marcanna

An Cúrsa Gnáthleibhéil

Aistriú go Laidín (5 abairtí)	75
Téacs dualgais (pros nó filíocht):	
Aistriú.....	60
Fo-cheisteanna (3 as 5).....	30
	}..... 90
Údair ainmnithe (2 shliocht as 4)	130
Gramadach agus scanadh:	
Dhá cheist ghramadaí	20
Ceist amháin ar scanadh	10
	}..... 30
Stair, Ealaín agus Litríocht:	
3 cheist as 6 = (25 x 3)	75

Cúrsa Ardleibhéil

Aistriúchán go Laidin	75
Téacs dualgais (pros nó véarsaíocht):	
Aistriúchán.....60	}..... 90
Fo-cheistanna (3 as 5)30	
Údair ainmnithe (3 shliocht as 4)	130
Gramadach agus scanadh:	
Dhá cheist ghramadaí **	20
Ceist amháin ar scanadh	10
	}..... 30
Stair, Ealaín agus Litríocht:	
(3 cheist as 6) = (25 x 3)	75

Is iad seo a leanas na téacsanna dualgais do Scrúdú na hArdteistméireachta 1989:

Livy: Leabhar XXX. Caibidlí (9-17; 19-23; 29-37) go hiomlán.

nó

Virgil: Aeneid, II, Línte 1-506.

N.B. Sa Scrúdú Ardteistméireachta 1989, agus ón mbliain sin amach, beidh an rogha seo I gCeist I ar an scrúdpháipéar (don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal) – (a) abairtí - (Gnathleibhéal) nó giata próis (Ardleibhéal) a aistriú ón mBéarla.

** Iarrfar i gceann amháin de na ceisteanna nótaí a scríobh ar phointí gramadaí a thagann i gceist in abairt. Cuirfear líne faoi na pointí a n-iarrfar trácht a dhéanamh orthu. Beidh an dara ceist ar aon dul leis na ceisteanna gramadaí sa pháipéar Gnáthleibhéil (príomhranna na mbriathar, etc.) ach beidh éileamh níos déine iontu.